DEONTAS DO BHANNAÍ 2023

TREOIRLÍNTE

Spriocdháta larratais 20.04.23

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár na nÁbhar

Réamhrá 3
Coimre Ghinearálta maidir leis an bhFoirm Iarratais a Chomhlánú: 3
1. Critéir: 4
2. Measúnú ar Iarratais Faighte: 5
3. Coinníollacha a Bhaineann le Deontais do Bhannaí: 6
4. An tIarratas a Sheoladh ar Aghaidh: 7
5. Saoráil Faisnéise: 8
6. Cosaint Sonraí: 9
7. Sonraí Teagmhála: 9

Réamhrá

Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag fáiltiú roimh iarratais do Scéim Deontais do Bhannaí 2023 a sholáthraíonn maoiniú do thaibhithe poiblí sa chathair ó bhannaí Máirseála, Píob, Práis agus Scoile. D'fhonn glacadh le hiarratas ar mhaoiniú ní mór go mbeadh an banna lonnaithe i gCathair na Gaillimhe agus ag feidhmiú sa chathair.

Tá an maoiniú teoranta agus tá an próiseas iomaíoch, rud a chiallaíonn go mb'fhéidir nach n-éireoidh le gach iarrthóir. Bronnfar cúnamh deontais má chomhlíonann iarratais na critéir atá sonraithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tabhair faoi deara, go gcoimeádann an Chomhairle Cathrach an ceart cur le nó líon agus luach na ndeontas a bhronntar a laghdú.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an 20.04.23

Critéir

- Léigh na ceisteanna ar fad go mion sula bhfreagraíonn tú iad.
- Ná déan dearmad go mbeidh roinnt daoine páirteach sa phróiseas cinnteoireachta agus cinntigh go bhfuil d'iarratas soiléir, beacht agus soiléir.
- Ná glac leis go bhfuil aithne ag an bpainéal roghnúcháin ort ná ar do chuid oibre – caith le gach iarratas amhail is gurb é an chéad iarratas atá déanta agat.
- Ná déan dearmad go ndéantar d'iarratas a mheas bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil laistigh den chomhthéacs iomaíoch agus go bhfuil go leor iarratas eile á meas freisin.
- Bíodh tuiscint shoiléir agus réalaíoch agat ar an rud is mian leat a bhaint amach agus cé mhéad a chosnaíonn do thogra.
- Cinntigh go n-uaslódálann tú na doiciméid iarrtha ar fad.
- Cinntigh go ndéanann tú tagairt shonrach do "Treo Nua: Plean Straitéiseach do na hEalaíona 2021 – 2026" i d'iarratas. Cliceáil anseo chun amharc air.
- Ní mór an t-iarratas a dhéanamh ar líne roimh an spriocdháta atá sonraithe.
- Ní mór aon ábhar tionlacain iarrtha a chur ar fáil freisin.
- Ní mór go mbeadh an saothar a bhfuil maoiniú á lorg lena aghaidh á dhéanamh ar bhonn seachbhrabúsach.
- Ní mór léargas a thabhairt na hiarrachtaí atá déanta maoiniú a fháil ó fhoinsí eile.
- Ní mór don Bhanna taibhithe poiblí a dhéanamh sa Chathair.

- Cuntas teiste ealaíne an bhanna.
- Caighdeán na gclár atá beartaithe.
- Léargas a thabhairt ar spéis i bhfás agus i bhforbairt shaothar an bhanna.
- Fianaise ar Chomhionannas rochtana ar agus rannpháirtíocht sa bhanna.
- Fianaise ar dhea-chleachtais leabharchoimeádta (Más cuí, ba cheart cuntais bhliantúla deimhnithe a sholáthar).
- Fianaise ar struchtúr rialaithe atá bunaithe ar choiste don bhanna.

Measúnú

Ní mór d'iarratas ar chúnamh deontais le haghaidh 2023 a chur ar fáil tráth nach déanaí ná 4.00pm ar an 00 Lá de Mhí, 2023. Tabhair faoi deara, ní ghlacfar le haon aighneachtaí i ndiaidh an dáta agus an ama seo. Eiseofar admháil fhoirmiúil maidir le d'iarratas le huimhir thagartha laistigh de choicís ón dáta sin. Mura bhfaigheann tú an chumarsáid seo laistigh den fráma ama sin, is ortsa atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon.

Coinníollacha a Bhaineann le Deontais Bhanna:

- Níor cheart an maoiniú a thairgtear a úsáid ach le haghaidh na gcúiseanna atá sonraithe i d'iarratas.
- Ní mór an maoiniú a chaitheamh roimh an 30 Meán Fómhair 2023.
- Sa chás go leithdháiltear deontas le haghaidh imeacht/tionscadal áirithe, ní bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as árachas a íoc don imeacht/tionscadal sin. Molann an Oifig Ealaíon go gcinntíonn an lucht eagraithe go bhfuil árachas cuí socraithe sula gcuirtear tús le haon imeacht / tionscadal.
- Má athraítear imeacht nó tionscadal, nó má chuirtear a leithéid ar athlá nó ar ceal – go hiomlán nó i bpáirt – ní mór teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon chun an cheist a phlé.
- Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar gach ábhar poiblíochta, sa phreas agus ar gach ábhar margaíochta a chuirtear i dtoll a chéile a

bhaineann leis an togra nó leis an imeacht. De réir ár dtreoirlínte admhála atá le fáil anseo.

- Lorgóidh an Oifig Ealaíon tuarascáil meastóireachta maidir leis an imeacht/tionscadal agus ní mór a leithéid a chur ar fáil nuair a iarrtar. Aistarraingeofar an maoiniú mura gcomhlíontar na treoirlínte.
- Glactar leis go bhfuil iarrthóirí ag glacadh leis na coinníollacha seo má chuireann siad Foirm Iarratais chomhlánaithe ar fáil.
- Dícháileofar an t-iarrthóir mar thoradh ar stocaireacht.

An tIarratas a Sheoladh ar Aghaidh:

Ní mór gach iarratas a sheoladh ar aghaidh ar líne trí úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear ar fáil ar aon bhealach eile.

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil na doiciméid ábhartha ar fad ceangailte le d'fhoirm iarratais ar líne.

Glacfar leis go bhfuil d'iarratas neamhbhailí mura ndéanann tú an méid seo a leanas:

- mura gcuireann tú foirm iarratais chomhlánaithe ar fáil
- mura gcuireann tú na doiciméid iarrtha ar fad ar fáil le d'fhoirm iarratais
- mura seolann tú d'iarratas ar aghaidh faoi 4.00pm, 20.04.2023

Ní féidir glacadh le faisnéis bhreise i ndiaidh an spriocdháta.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an 20.04.23 ag 4pm

Saoráil Faisnéise:

Molann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an gcomórtas deontais seo ar fáil ar iarratas:

- Ainm na n-iarrthóirí rathúla.
- An chúis nár cháiligh iarrthóir chun a (h)iarratas ar dheontas a bhreithniú.

Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon fhaisnéis a chuireann iarrthóirí ar fáil faoi réir a cuid oibleagáidí faoin dlí a choimeád faoi rún, lena n-áirítear Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar iarrthóirí breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart aon chuid den eolas a cuireadh ar fáil a nochtadh mar gheall ar chúrsaí íogaireachta. Má tá sé seo i gceist, ba cheart d'iarrthóirí, nuair a bhíonn faisnéis á cur ar fáil acu, an fhaisnéis sin a shainaithint agus na cúiseanna atá leis an íogaireacht a shonrú. Mura gcuirtear in iúl go bhfuil a leithéid d'fhaisnéis íogair agus i ndiaidh breithniú a dhéanamh, má chinneann Comhairle Cathrach na Gaillimhe nach bhfuil an fhaisnéis íogair, ansin d'fhéadfaí a leithéid d'fhaisnéis a chur ar fáil mar thoradh ar fhreagairt Saorála Faisnéise gan dul i gcomhairle leis na hiarrthóirí arís. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarrthóirí maidir le faisnéis íogair roimh chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Foilseofar sonraí na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo ar ár suíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta.

Cosaint Sonraí:

Coimeádfar an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaightear de réir ár mBeartas Cosanta Sonraí. Tá ár bhfógra príobháideachais le fáil anseo. Más mian leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí seol r-phost chuig dpo@galwaycitiy.ie.
Úsáidfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil i d'iarratas chun d'eagraíocht agus na gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú á lorg agat lena n-aghaidh a thuiscint.
Féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche taighde nó anailís sonraí eile, agus sa chás seo ní bheidh aon ainm luaite sna sonraí pearsanta.

Fiosrúcháin

Seol r-phost chuig arts@galwaycity.ie agus scríobh “Fiosrúchán maidir le Deontais do Bhannaí 2023” i líne an ábhair Cinntigh go dtugann tú dóthain ama dúinn chun déileáil le d'fhiosrúchán.
Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an 20.04.23